Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 23 Aibreán 2021
(OR. en)

8129/21

COHAFA 37
FIN 312
DEVGEN 78
COAFR 102
MAMA 69

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 7857/21 |
| Ábhar: | Tuarascáil Speisialta Uimh. 2/2021 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: *'EU humanitarian aid for education: helps children in need, but should be longer-term and reach more girls'* [Cabhair dhaonnúil an Aontais don oideachas: cuidíonn sí le leanaí atá i ngátar, ach ba cheart di a bheith níos fadtéarmaí agus ba cheart dul i gcion ar níos mó cailíní]<br>- Conclúidí ón gComhairle (23 Aibreán 2021) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 2/2021 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: *EU humanitarian aid for education: helps children in need, but should be longer- term and reach more girls* [Cabhair dhaonnúil an Aontais don oideachas: cuidíonn sí le leanaí atá i ngátar, ach ba cheart di a bheith níos fadtéarmaí agus ba cheart dul i gcion ar níos mó cailíní], a formheasadh tríd an nós imeachta i scríbhinn an 23 Aibreán 2021.

**<u>Iarscríbhinn</u>**

**Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa Uimh. 2/2021: *EU humanitarian aid for education: helps children in need, but should be longer- term and reach more girls* [Cabhair dhaonnúil an Aontais don oideachas: cuidíonn sí le leanaí atá i ngátar, ach ba cheart di a bheith níos fadtéarmaí agus dul i gcion ar níos mó cailíní]**

1. Tugann an Chomhairle dá haire Tuarascáil Speisialta Uimh. 2/2021 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa:
*EU humanitarian aid for education: helps children in need, but should be longer- term and reach more girls* [Cabhair dhaonnúil an Aontais don oideachas: cuidíonn sí le leanaí atá i ngátar, ach ba cheart di a bheith níos fadtéarmaí agus dul i gcion ar níos mó cailíní]; inar scrúdaíodh tionscadail san Iordáin agus in Uganda in 2017 agus 2019 chun éifeachtúlacht chabhair dhaonnúil an Aontais don oideachas a mheasúnú.

2. I gcás leanaí a bhfuil géarchéim dhaonnúil á fulaingt acu is tosaíocht é an t-oideachas. De bhreis ar thorthaí na foghlama foirmiúla, méadaíonn an t-oideachas an athléimneacht, tugann sé cosaint fhisiciúil láithreach, lena n-áirítear cosaint ar fhoréigean inscnebhunaithe, agus is féidir leis tionchar síceasóisialta an tráma ar leanaí a laghdú. Is cuid ríthábhachtach í an chabhair dhaonnúil don oideachas de chur chuige comhtháite maidir le forbairt inbhuanaithe, gníomhaíocht dhaonnúil, cosc coinbhleachtaí agus cothú na síochána. Níos tábhachtaí fós, tugann sé dóchas do leanaí.

3. Is díol sásaimh don Chomhairle gur mhéadaigh an Coimisiún go mór an infheistíocht a dhéanann sé sa chabhair don oideachas, ar 10 % den bhuiséad iomlán don chabhair dhaonnúil in 2019 í i gcomparáid le 1 % in 2015. Is díol sásaimh freisin don Chomhairle, i ndáil leis sin, an gealltanas a thug an Coimisiún leanúint de bheith ag tacú le cur chun feidhme an oideachais i gcásanna éigeandála, agus an obair sa réimse sin a leathnú, agus an rochtain ar fhoghlaim chuimsitheach ar feadh an tsaoil agus ar oideachas agus oiliúint atá sábháilte, cothrom agus ar ardchaighdeán ar gach leibhéal á háirithiú dá réir.

4. Is cúis áthais don Chomhairle gur bainistiú éifeachtach tríd is tríd atá déanta ag an gCoimisiún ar an oideachas i gcásanna éigeandála go dtí seo, mar a luaigh an Chúirt, agus gur measadh na tionscadail a rinneadh a bheith ábhartha dea-chomhordaithe, agus na torthaí a rabhthas ag súil

leo ó thaobh oideachas a chur ar fáil do leanaí i ngátar, i gcreat na cabhrach daonnúla, a bheith á mbaint amach acu.

5. Athdhearbhaíonn an Chomhairle gur cheart an fhreagairt dhaonnúil a fhothú ar chur chuige bunaithe ar riachtanais agus aird á tabhairt ar na dúshláin agus na gníomhaithe éagsúla atá rannpháirteach i ngach cás daonnúil. Sa chomhthéacs sin, má oibrítear le gníomhaithe áitiúla, féadfar a áirithiú go dtabharfar freagairt éifeachtach ar na riachtanais áitiúla agus féadfar cabhrú na daoine is leochailí sa tsochaí a shainaithint agus tacú leo. Ina theannta sin, tugann an Chomhairle dá haire na dúshláin mhéadaithe atá ag teacht ó phaindéim COVID-19 ó thaobh rochtain a fháil ar thairbhithe, tabhairt faoi na gníomhaíochtaí oideachais agus na spriocanna a bunaíodh roimhe seo a chomhlíonadh, rud a léiríonn gur gá dearadh agus oibríochtú na dtionscadal a oiriúnú. Na srianta sin go léir a eascraíonn as an bpaindéim, bíonn tionchair acu ar sholáthar oideachais i gcásanna éigeandála agus is mó na hiarmhairtí acu ar thacaíocht do mhná agus cailíní agus ar a ndea-bhail.

6. Tugann an Chomhairle dá haire gur sainaithníodh san iniúchadh na réimsí seo a leanas ar a bhféadfaí feabhas a chur: ba cheart úsáid níos mó a bhaint as an treoir ábhartha i ndáil le cistiú atá curtha ar fáil ag Clár um Acmhainneacht Freagartha Fheabhsaithe ECHO; ba cheart do na tionscadail díriú ar níos mó cailíní agus dul i gcion orthu; ba cheart cláir a cheapadh a mhairfeadh sách fada le bheith in ann dul i ngleic ar bhealach leordhóthanach le riachtanais oideachais leanaí; ba cheart feabhas a chur ar anailís chostais na dtionscadal agus ar na deiseanna chun cost-éifeachtúlacht a mhéadú; agus ba cheart na tionscadail 'airgead ar mhaithe le hoideachas' a bheith níos dírithe ar réitigh fhadtéarmacha chun spleáchas na dtairbhithe ar chúnamh airgid a laghdú.

7. Is díol sásaimh don Chomhairle na cúig mholadh seo a leanas a rinne an Chúirt Iniúchóirí:

   1. úsáid níos mó a bhaint as torthaí na dtionscadal um Acmhainneacht Freagartha Fheabhsaithe;

   2. níos mó tacaíochta a chur ar fáil do chailíní i dtionscadail oideachais;

   3. cistiú níos fadtéarmaí a chur ar fáil don oideachas i ngéarchéimeanna a théann i bhfad;

   4. feabhas a chur ar an anailís chostais nuair a bhíonn tionscadail oideachais á roghnú agus á bhfaire;

5. feabhas a chur ar inbhuaine na dtionscadal 'airgead ar mhaithe le hoideachas' le linn géarchéimeanna a théann i bhfad.

## ACMHAINNEACHT FREAGARTHA FHEABHSAITHE

8. Is buiséad tiomnaithe de chuid ECHO í an Acmhainneacht Freagartha Fheabhsaithe (ERC) lena dtacaítear le tionscnaimh dhomhanda, straitéiseacha, chuimsitheacha arb é is aidhm dóibh acmhainneacht an chomhphobail dhaonnúil freagairt ar ghéarchéimeanna ar an mbealach is éifeachtaí agus is éifeachtúla a mhéadú. Molann an Chomhairle an chaoi a mbíonn ERC dírithe ar neartú an chórais agus ar earraí poiblí domhanda a sholáthar d'earnáil na cabhrach daonnúla. Tugann sí dá haire, áfach, cinneadh na Cúirte Iniúchóirí go raibh úsáid theoranta á baint ag an gCoimisiún as torthaí thionscadail ERC maidir le hoideachas i gcásanna éigeandála, lena n-áirítear treoir maidir le cáilíocht an oideachais i gcásanna éigeandála a thomhas, ar príomhchritéar éifeachtachta í. Molann sí don Choimisiún na huirlisí ábhartha a forbraíodh le tacaíocht ERC a chomhtháthú ar bhonn níos córasaí ina chuid gníomhaíochtaí oideachais i gcásanna éigeandála chun acmhainneacht freagartha na gcomhpháirtithe cur chun feidhme a uasmhéadú.

## TACAÍOCHT DO CHAILÍNÍ

9. Creideann an Chomhairle gur cheart go mbeadh sé d'aidhm ag an gcabhair dhaonnúil dul i gcion ar na daoine sna cásanna is leochailí. I gcomhthéacs géarchéime, is mó an baol go nochtfar mná agus cailíní, lena n-áirítear mná agus cailíní faoi mhíchumas, d'fhoréigean agus go mbeidh deacracht acu rochtain a fháil ar sheirbhísí bunriachtanacha, amhail an t-oideachas. I ndáil leis an méid sin, cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir gur cheart do dhearadh agus soláthar/cur chun feidhme an oideachais i gcásanna éigeandála a bheith inscne-íogair, cuimsitheach agus inrochtana.

10. Is ábhar imní don Chomhairle cinneadh na Cúirte nach bhfuil tionscadail arna gcistiú ag an Aontas Eorpach ag díriú ar líon sách mór cailíní nó nach bhfuil ag éirí leo dul i gcion ar líon sách mór cailíní. Mar sin féin, aithníonn an Chomhairle na dúshláin a bhaineann le spriocanna sonracha a bhaint amach ós rud é gur cheart do sholáthar cabhrach daonnúla a bheith bunaithe ar anailísí ar riachtanais a mbíonn éifeacht ag sainiúlachtaí gach comhthéacs ar leith orthu.

11. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún leanúint den bhreithniú a mhéadú ar chomhionannas inscne i gcláir oideachais agus ar oideachas cailíní agus oideachas ógánach mná, de bheith ag tacú le feachtais feasachta pobail, foréigean inscnebhunaithe a chomhrac, oiliúint múinteoirí a neartú i ndáil le saincheisteanna comhionannais inscne agus foréigean inscnebhunaithe, ag tacú le múinteoirí mná agus ag cur lena líon, agus ag dul i ngleic leis an mbearna dhigiteach inscne ar mó a tionchar go háirithe ar chailíní i gcomhthéacs COVID-19.

12. Is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil an Coimisiún tiomanta gné na hinscne a fheabhsú agus a fhaire i dtionscadail oideachais, agus is mór aici béim an Choimisiúin ar chur chuige cuimsitheach comhtháite a ghlacadh chun freagairt ar na riachtanais is práinní atá ag buachaillí agus cailíní araon.

## CISTIÚ FADTÉARMACH AGUS FAD NA DTIONSCADAL

13. Is mór ag an gComhairle an iarracht atá á déanamh ag an gCoimisiún tionscadail oideachas i gcás éigeandála a chistiú atá ailínithe le fad na scoilbhliana agus a chumhdaíonn ar a laghad bliain iomlán acadúil amháin, agus tosú le tosaíocht a thabhairt do thionscadail a mhaireann 24 mhí. Aontaíonn sé le measúnú na Cúirte go bhfuil cistiú ilbhliantúil ag teacht le gealltanais an Mhargaidh Mhóir freisin agus go bhfuil tionchar dearfach aige ar éifeachtúlacht agus éifeachtacht na dtionscadal oideachais i gcás éigeandála.

14. Ag an am céanna, athdhearbhaíonn an Chomhairle gur cheart go mbeadh fad na dtionscadal ag brath ar an gcomhthéacs, ionas go bhféadfaí freagairt thapa ach chuimsitheach a áirithiú, agus lena bhféadfaí spásanna sábháilte a chur ar fáil do leanaí. Thairis sin, tugann an Chomhairle dá haire go bhféadann idirghabhálacha gearrthéarmacha oideachais a bheith ríthábhachtach, ach gur gnách gur de chineál meántéarmach nó fadtéarmach na riachtanais oideachais i ngéarchéimeanna a théann i bhfad.

15. Maidir leis sin, tugann an Chomhairle dá haire conclúid na Tuarascála nach raibh an chuid is mó de na tionscadail a measúnaíodh sách fada chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais oideachasúla leanaí le linn géarchéim a mhairfeadh i bhfad. Formhuiníonn sí an moladh sa Tuarascáil gur cheart don Choimisiún cistiú níos fadtéarmaí a chur ar fáil don oideachas i ngéarchéimeanna a théann i bhfad. Is díol sásaimh don Chomhairle an dul chun cinn atá déanta ag ECHO le déanaí maidir le leibhéil níos mó cistiúcháin ilbhliantúil a sholáthar, agus tathantaíonn sí ar an gCoimisiún dlús a chur leis an bpróiseas sin. Cuireann an Chomhairle i dtábhacht freisin a thábhachtaí atá sé go méadódh an Coimisiún a chuid iarrachtaí chun cistiú níos solúbtha a chur ar fáil.

16. Molann an Chomhairle freisin go neartófaí na comhpháirtíochtaí le pobail agus le comhpháirtithe cur chun feidhme trí chur chuige comhordaithe a úsáid bunaithe ar mheasúnú rannpháirteach riachtanas chun a áirithiú go ndéanfar tacaíocht an Choimisiúin a chothú go héifeachtúil in imeacht ama. Ba cheart idirghabhálacha daonnúla a dhearadh agus a chur chun feidhme i gcomhar agus i rannpháirtíocht leis an bpobal áitiúil, agus le raon leathan gníomhaithe ón tsochaí shibhialta ar minic iad ag obair go dlúth leis na pobail atá buailte ag géarchéimeanna. Ba cheart an mhodheolaíocht rannpháirteach sin a chomhtháthú i gcur chuige níos leithne measúnuithe comhordaithe, il-earnálacha ar riachtanais, lena gcuirfear dlús leis an gcomhordú agus leis an inbhuaine trí, mar shampla, naisc a dhoimhniú idir an t-oideachas i gcás éigeandála agus clársceidealú maidir le slite beatha.

**ANAILÍS CHOSTAIS AGUS ÉIFEACHTACHT**

17. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé an éifeachtúlacht costais a uasmhéadú le linn roghnú, chur chun feidhme agus mheastóireacht na dtionscadal. Chun na críche sin, is díol sásaimh di an moladh sa Tuarascáil go gcuirfí feabhas ar an anailís chostais i ndáil le roghnú agus cur chun feidhme tionscadal agus tarraingíonn sí aird ar an bhfreagracht atá ar an gCoimisiún feabhas a chur ar an bhfaireachán a dhéantar ar a ghníomhaíochtaí cistiúcháin don oideachas i gcásanna éigeandála agus i ngéarchéimeanna a théann i bhfad. Is mór ag an gComhairle na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag an gCoimisiún chun tuiscint níos fearr a thabhairt ar chostais na dtionscadal agus chun comparáid níos fearr a dhéanamh idir na tograí ag an gcéim roghnúcháin.

18. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún leas a bhaint as acmhainneacht iomlán an chúnaimh airgid thirim agus dearbhán (CVA) mar mhodh cabhrach daonnúla atá éifeachtúil agus costéifeachtach , ar an iomlán. Chun an chost-éifeachtúlacht a mhéadú agus na hiarrachtaí riaracháin a laghdú, moltar do chomhpháirtithe daonnúla páirt a ghlacadh i gcórais chomhchuibhithe chun cúnamh airgid a sholáthar, i gcás inar féidir agus inarb iomchuí.

**AIRGEAD DON OIDEACHAS**

19. Aithníonn an Chomhairle go bhfuil athléimneacht leanaí á méadú ag na tionscadail 'airgead ar mhaithe le hoideachas', go háirithe trí dheireadh a chur le bacainní ar an oideachas, idir bhacainní fisiciúla agus airgeadais, rud a chuireann ar chumas leanaí freastal ar an oideachas foirmiúil, trí dhreasacht a chur ar fáil chun saothar leanaí a laghdú, agus tríd an mbaol a laghdú go ngabhfaí i muinín bealaí diúltacha déileála. Aithníonn sí, áfach, nach féidir na cineálacha sin gníomhaíochtaí a aicmiú mar réiteach fadtéarmach.

20. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún roghanna a bhunú le haghaidh réitigh fhadtéarmacha lena gcothófaí athléimneacht, amhail cláir mhalartacha agus straitéisí scoir a fhorbairt le haghaidh tionscadail 'airgead ar mhaithe le hoideachas', ionas nach mbeidh bearnaí sa chabhair. Feictear don Chomhairle go bhfuil deiseanna ann chun na naisc straitéiseacha agus oibríochtúla le cláir fhadtéarmacha a neartú, lena n-áirítear le cosaint shóisialta nó straitéisí fadtéarmacha chun slite beatha inbhuanaithe a bhaint amach do leanaí agus dá gcúramóirí, bunaithe ar an nasc idir an daonnúlacht, an fhorbairt agus an tsíocháin, nuair is iomchuí agus nuair is féidir.

21. Is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil an Coimisiún tosaithe cheana féin ar aghaidh a thabhairt ar na moltaí iniúchóireachta. Is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil an Coimisiún tiomanta na moltaí uile a chur chun feidhme ina n-iomláine do thionscadail agus do ghníomhaíochtaí oideachais i gcásanna éigeandála agus i ngéarchéimeanna a théann i bhfad arna gcistiú ó mhí Eanáir 2022, mar a mhol an Chúirt Iniúchóirí. Molann an Chomhairle don Choimisiún tuairisciú ar ais chuig an gComhairle maidir leis na céimeanna a bheidh tugtha aige i ndáil leis an méid sin.

---